# Dia do bheatha, a Mheic Mhuire

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 46]

## Duan Nodlag

1 Dia do bheatha a Mheic Mhuire
fada a-tá do tharnguire
tú do thocht dar mbéin a braid
san bhféil a-nocht um Nodlaig.

2 Oidhche Nodlag naomtha an ghein
rugadh tusa a Rí an ríceidh
a Rí an bheatha as Dia dhamh-sa
Dia beatha mo bhráthar-sa.

3 Dia beatha mheic do mháthar
fhóireas cách ón chomhbháthadh
Rí an bheatha ’ga mbí ar do thail
Dia beatha i gclí dar gcabhair.

4 Dia do bheatha ós dá reic ruibh
i ngioll red bhreith do bhámuir
id Dhia id dhuine a chnú chridhe
i mbrú Mhuire Maighdine.

5 Dia beatha i mBeithil dod bhreith
do chuir an iomáin d’aoin-leith
do ní díon gach nduine dhi
ar Mhuire bíodh a bhuidhe.

6 Dia do bheatha a-nuas do nimh
id mhac óighe a Dhé [dhúiligh]
do theacht is mó ná mithigh
le [ró feart] dar bhfóirithin. DIA DO BHEATHA